

introduced to this context. Letting people get comfortable with the existential discomfort that it brings is necessary. Adding a way to explicitly discuss and acknowledge the contribution that discomfort can produce would go a long way towards recognising the breadth of achievement represented by successfully sharing and co-creating knowledge in a multi-disciplinary team.

AN CÚINNE GAEILGE

LE PROF. KEVIN SCANNELL



Táim dhá mhí i mo chónaí i gCarna, Co. na Gaillimhe, ag obair in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge anseo. Siúlaim go dtí an tAcadamh chuile mhaidin ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus is deacair dom fós a chreidiúint go bhfuil an deis seo agam — deis a bheith ag obair trí mheán na Gaeilge i gcroílár na Gaeltachta, in áit thar a bheith álainn, in éineacht le mórán daoine díograiseacha cumasacha.

Thosaigh mé ag foghlaim na Gaeilge i Meiriceá am éigin sa Chlochaois. Le fírinne, lár na 1990idí a bhí ann, agus sa ré dhorcha sin bhí an Gréasán Domhanda úrnua, ní raibh na meáin shóisialta, ná Seinnteoir TG4, ná podchraoltaí de chuid Raidió na Gaeltachta ann ar chor ar bith. Toisc gur chaith mé an chuid is mó den lá ag obair os comhair an ríomhaire, thosaigh mé ag iarraidh timpeallacht lán-Ghaeilge a chruthú ar mo ríomhaire féin sa chaoi go mbeinn tumtha sa teanga chomh minic agus b'fhéidir. Ach ní raibh faic ann ó thaobh bogearraí i nGaeilge ag an am, ná bunuirilísí ríomhaireachta cosúil le seiceálaí litrithe, foclóirí leictreonacha, nó córas aistriúcháin. Chruthaigh mé

"Le fírinne, lár na 1990idí a bhí ann, agus sa ré dhorcha sin bhí an Gréasán Domhanda úrnua, ní raibh na meáin shóisialta, ná Seinnteoir TG4, ná podchraoltaí de chuid Raidió na Gaeltachta ann ar chor ar bith."

seiceálaí litrithe darb ainm GaelSpell sa bhliain 2000, agus thosaigh mé ag aistriú bogearraí éagsúla ar nós Mozilla Firefox agus LibreOffice. Agus tar éis tamaill, d'earcaigh mé roinnt daoine eile chun cabhrú liom an sprioc uailmhianach seo a bhaint amach: córas ríomhaireachta go hiomlán trí Ghaeilge, ar aon chéim lena raibh ar fáil i mBéarla. Sin an obair atá fós ar siúl agam fiche bliain níos déanaí, agus sin an fáth a bhfuilim in Éirinn i mbliana!

Ó thaobh cúrsaí taighde, is é *meaisínfhoghlaim* agus go háirithe teicníc chumhachtach darb ainm *líonraí néaracha* a bhfuil an lámh in uachtar acu sa réimse seo. Is éard atá i líonra néarach ná creatlach mhatamaiticiúil a ligeann don ríomhaire rudaí nua a fhoghlaim as a stuaim féin. Mar shampla, chun córas aistriúcháin Béarla go Gaeilge a chruthú, is leor mórán téacsanna dátheangacha a thabhairt don ríomhaire agus is féidir leis patrúin a aithint, agus na patrúin sin a úsáid chun téacsanna nua a aistriú. Níl na torthaí foirfe ar chor ar bith (féach ar Google Translate!), ach sin an sprioc atá agam i mbliana — líonraí néaracha a chur in oiriúint don Ghaeilge agus feabhas a chur ar go leor teicneolaíochtaí teanga.

Tá grúpaí láidre i gColáiste na Tríonóide agus in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag obair sa réimse seo freisin, ach nuair a chuir mé iarratas isteach ar scoláireacht Fulbright, dúirt mé go raibh mé ag iarraidh a bheith lonnaithe sa Ghaeltacht. Bhí mé ag iarraidh ceangal níos láidre a chruthú le pobal na Gaeltachta, chun na tosaíochtaí atá acu a thuiscint agus a chur chun tosaigh. Rinne mé mo chéad cheardlann chódála do ghasúir (trí Ghaeilge) cúpla seachtain ó shin, agus d'éirigh go breá leis. Táim cinnte anois gurb iad ceardlanna den sórt seo an bealach is éasca na spriocanna fadtéarmacha atá agam a bhaint amach: an chéad ghlúin eile de thaighdeoirí, ríomheolaithe, agus haiceálaithe le Gaeilge a spreagadh!